**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0428/2023**

8.12.2023

***

# MOLADH

ar an Dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an Phrótacail Aontachais a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIndinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh
(12975/2014 – C9-0314/2023 – 2014/0220(NLE))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Andrzej Halicki

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ..........................................................................................................................7

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .....................................................................8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH..........9

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an Dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an Phrótacail Aontachais a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIndinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**
**(12975/2014 – C9-0314/2023 – 2014/0220(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12975/2014),

– ag féachaint don Phrótacal Aontachais a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIndinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh[1],

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207, Airteagal 209 agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0314/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0428/2023),

1. ag tabhairt a toilithe an prótacal a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht na hIndinéise.

[1] IO L 218, 5.9.2023, lch. 3.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Leis an bPrótacal Aontachais seo, ceadaítear do Phoblacht na Cróite aontú mar Pháirtí sa Chreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na hIndinéise a síníodh in Iacárta an 9 Samhain 2009. I gcomhréir leis an nGníomh a bhaineann leis an gcoinníoll d'aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach, geallann Poblacht na Cróite aontú leis na comhaontuithe a thug an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit i gcrích nó a shínigh siad le tríú tír amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta.

An 23 Iúil 2014, chuir an Coimisiún a thogra isteach chuig an gComhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Aontachais a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú idir an tAontas agus an Indinéis. An 8 Deireadh Fómhair 2014, chinn an Chomhairle a iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt don Dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Aontachais. Síníodh an Prótacal Aontachais an 22 Meitheamh 2023, agus ina dhiaidh sin, an 24 Iúil 2023, d'iarr an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt. I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Rapóirtéir go dtabharfaidh an Pharlaimint a toiliú don Phrótacal Aontachais seo.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar Cuimsitheach idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hIndinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |
| **Tagairtí** | 12975/2014 – C9-0314/2023 – 2014/0220(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 24.7.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>14.9.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE INTA<br>14.9.2023 14.9.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | DEVE INTA<br>27.11.2023 11.7.2019 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Andrzej Halicki<br>11.10.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 16.11.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 7.12.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 38<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Anna Fotyga, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Leopoldo López Gil, Thierry Mariani, Pedro Marques, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Tonino Picula, Thijs Reuten, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Dominik Tarczyński, Hilde Vautmans, Thomas Waitz, Charlie Weimers, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Özlem Demirel, Engin Eroglu, Andrey Kovatchev, Katrin Langensiepen, Ramona Strugariu, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Dace Melbārde, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Maria Spyraki, Rainer Wieland |
| **Dáta don chur síos** | 11.12.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 38 | + |
|---|---|
| ECR | Anna Fotyga, Dominik Tarczyński, Charlie Weimers |
| ID | Thierry Mariani |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Pablo Arias Echeverría, Traian Băsescu, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, David Lega, Leopoldo López Gil, Dace Melbārde, Radosław Sikorski, Maria Spyraki, Rainer Wieland, Javier Zarzalejos, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Engin Eroglu, Ilhan Kyuchyuk, Ramona Strugariu, Hilde Vautmans |
| S&D | Maria Arena, Pedro Marques, Sven Mikser, Javier Moreno Sánchez, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Tonino Picula, Thijs Reuten, Inma Rodríguez-Piñero, Andreas Schieder |
| The Left | Özlem Demirel |
| Verts/ALE | Katrin Langensiepen, Jordi Solé, Thomas Waitz |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh